Acmhainní oideachais ar www.logainm.ie – comhairleoir oideachais

An Tionscadal: Ábhar oideachasúil don dara leibhéal a dhearadh agus a scríobh a spreagfaidh múinteoirí agus daltaí chun saíocht logainmneacha na hÉireann a theagasc agus spéis a chur inti mar chuid lárnach d'oidhreacht na hÉireann. Beidh an tionscadal seo dírithe ar leibhéal amháin den chóras dara leibhéal (an Idirbhliain), agus cuimseoidh sé gnéithe Gaeilge, staire agus tíreolaíochta den churaclam in éineacht. Déanfar leagan píolótach den bhunábhar a dhearadh agus a thástáil san fhómhar 2010 agus foilseofar leagan críochnaithe de ar www.logainm.ie faoi dheireadh 2010.

Is é an sprioc atá ann ná acmhainní oiriúnacha a chruthú chun go bhféadfadh ranganna dara leibhéal tabhairt faoi thionscadail taighde agus foghlama i réimse na logainmneacha ina gceantar féin i scoileanna áitiúla. Beidh na hacmhainní deartha sa chaoi go bhféadfaidh múinteoirí ranga iad a chur in oiriúint do cheantair éagsúla ar ball. Tá creatlach leagtha amach cheana.

Tréimhse ama: Lúnasa-Meán Fómhair 2010.

Sprioc: Acmhainní a chruthú do mhúinteoirí chun eolas ar logainmneacha agus spéis sa ghné sin d'oidhreacht na hÉireann a spreagadh i ndaoine óga.

Foireann: Beidh Máiréad Nic Lochlainn, Cúntóir Eagarthóireachta, freagrach as comhordú na hoibre agus tiomsú na n-acmhainní, faoi stiúir Ghearóid Uí Chleircín, Léachtóir Gaeilge – Acmhainní Teanga.

Beidh ar an gComhairleoir Oideachais in earnáil an dara leibhéal (le taithí nó tuiscint ar theagasc na Gaeilge, na Staire agus na Tíreolaíochta) freagracht a ghlacadh as dearadh agus tástáil an ábhair go háirithe. Beidh táille €1,000 ar fáil mar luach saothair an chomhairleora.

Beidh saineolas logainmneacha, de réir mar is gá, le fáil ón mBrainse Logainmneacha sa Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta. Déanfaidh Fiontar cóiriú ar an ábhar nuair a bheidh sé tiomsaithe ach beidh ainm an chomhairleora luaite le forbairt an ábhair.

Foilsiú: Foilseofar na torthaí ar www.logainm.ie faoi dheireadh 2010.

Ba chóir do mhúinteoirí nó d'oideachasóirí (le taithí nó tuiscint ar theagasc na Gaeilge, na Staire nó na Tíreolaíochta) agus smaointe acu ar acmhainní teagaisc a bhunú ar logainmneacha na Gaeilge, cv gearr agus sonraí teagmhála a chur chuig:

Una.bhreathnach@dcu.ie

faoi 19 Iúil, 2010. Is féidir gné ar bith den obair a phlé ach glaoch ar Úna Bhreathnach ag 01-7008083.